**Ollscoil na Gaillimhe**

**Téarmaí Tagartha**
**An Coiste Roghnaithe**
**[Arna fhaomhadh ag Údarás na hOllscoile an 26 Feabhra 2025]**

FAOI RÚN

## 1. Cuspóir

I gcomhréir le Reacht CCCI, ceapfar Coiste Roghnaithe chun próiseas ceapacháin an chéad Uachtaráin eile ar Ollscoil na Gaillimhe a stiúradh. Tá an Coiste Roghnaithe ar cheann de thrí choiste a dhéanfaidh maoirsiú agus bainistiú ar an bpróiseas earcaíochta agus ceapacháin. Is iad an Mheitheal Uachtaránachta agus an Coiste Cuardaigh an dá chomhchoiste eile a bheidh páirteach sa phróiseas.

Is é is príomhchuspóir don Choiste Roghnaithe ná céim roghnaithe agus ceapacháin an phróisis earcaíochta a stiúradh. Is éard atá i gceist leis seo measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí bunaithe ar na critéir atá leagtha amach i Sonraíocht Róil an phoist d'fhonn gearrliosta iarrthóirí a chur le chéile; agallaimh a thionól agus na nósanna imeachta measúnaithe eile is cuí a chur i gcrích; iarrthóir amháin a mholadh le go gceapfaidh Údarás na hOllscoile é/í, agus mar thaca leis sin gach eolas ábhartha ba bhun leis an moladh sin a chur ar fáil; tuarascáil chuimsitheach a chur ar fáil d'Údarás na hOllscoile faoin bpróiseas earcaíochta agus roghnaithe.

## 2. Ballraíocht

Seo a leanas baill an Choiste Roghnaithe:

- Cathaoirleach (Cathaoirleach Údarás na hOllscoile)
- 2 Bhall Sheachtracha d'Údarás na hOllscoile
- 1 Bhall Inmheánach d'Údarás na hOllscoile
- 1 Bhall, ar a laghad, agus suas le 2 Bhall den Chomhairle Acadúil (ar an gcoinníoll go mbeidh na hinniúlachtaí riachtanacha comhlíonta acu)
- 1 Ionadaí ó Chomhaltas na Mac Léinn
- 2 Bhall Sheachtracha neamhspleácha

Beidh ceapacháin ar an gCoiste Roghnaithe bunaithe go docht ar inniúlacht agus beidh na hinniúlachtaí riachtanacha leagtha amach ag an Meitheal Uachtaránachta agus faofa ag Údarás na hOllscoile. Ceapfar baill de bhun próiseas léirithe spéise a bheidh á bhainistiú ag an Meitheal Uachtaránachta. Cuirfidh an Mheitheal Uachtaránachta moltaí chuig Údarás na hOllscoile maidir leis na daoine ba cheart a cheapadh ar an gCoiste.

Cloífear i mballraíocht an Choiste Roghnaithe le riachtanas na hOllscoile maidir le cothromaíocht inscne 40% ar gach príomh-Choiste cinnteoireachta.
Ní mór do chomhaltaí an Choiste Roghnaithe a bheith ar fáil chun freastal go pearsanta ar gach céim den phróiseas roghnaithe.

Má éiríonn ball as nó mura bhfuil sé/sí in ann freastal ar na cruinnithe atá sceidealaithe, nó má thagann folúntas ar an gCoiste ar aon chúis eile, féadfaidh Údarás na hOllscoile iarrthóir ionaid a cheapadh ón toghlach ónar tháinig an ball atá ag éirí as.

I gcomhar le Straitéis na hOllscoile don Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú, beidh ar gach ball den Choiste Roghnaithe tabhairt faoi oiliúint i gclaontacht neamh-chomhfhiosach.

Beidh an Rúnaí Rialachais & Gnóthaí Acadúla agus Bainisteoir Thionscadal na hUachtaránachta i láthair ag cruinnithe chun tacú leis an gCoiste Roghnaithe.

**3. Rúnaíocht**
Cuirfidh Oifig an Rúnaí Rialachais & Gnóthaí Acadúla tacaíocht rúnaíochta ar fáil don Choiste Roghnaithe.

**4. Rúndacht na nImeachtaí**
Is coinníoll bhallraíochta ar an gCoiste Roghnaithe é go mbeidh gach a bpléifear agus gach ní a bhaineann le himeachtaí an Choiste faoi rún daingean. Is ionann glacadh le ballraíocht agus gealltanas a thabhairt go gcloífidh an ball go docht leis an gcoinníoll seo. Beidh ar bhaill an Choiste Roghnaithe comhaontú neamhnochta a shíniú.

**5. Coimhlintí Leasa**

5.1 Ba chóir do Bhaill an Choiste Roghnaithe a chinntiú go n-aithnítear agus go dtugtar aghaidh ar choimhlintí leasa má tá a leithéid ann nó má bhraitear go bhfuil a leithéid ann:
Measfar go bhfuil fíorchoimhlint leasa ag ball má tá leas pearsanta díreach nó indíreach aige/aici, más eol dó/di an leas sin a bheith aige/aici, agus más leas é atá, i dtuairim duine stuama a bheadh réasúnta eolach, sách tromchúiseach chun amhras a chaitheamh ar an neamhspleáchas, an neamhchlaontacht agus an oibiachtúlacht atá an ball ceaptha a chleachtadh ina c(h)uid dualgas.
Measfar go bhfuil coimhlint leasa braite ag ball má tá an chuma air, i dtuairim duine stuama a bheadh réasúnta eolach, go bhfuil leas pearsanta díreach nó indíreach aige/aici atá sách tromchúiseach chun amhras a chaitheamh ar an neamhspleáchas, an neamhchlaontacht agus an oibiachtúlacht atá an ball ceaptha a chleachtadh ina c(h)uid dualgas.

5.2 Beidh baill an Choiste Roghaithe freagrach ar bhonn pearsanta as a chur in iúl go bhféadfadh coimhlint leasa a bheith i gceist i dtaca le haon mhíreanna a bheidh ar chláir chruinnithe an Choiste. Chun é sin a éascú, beidh dearbhú aon choimhlintí leasa ar an gcéad mhír ar an gclár ag gach cruinniú den Choiste Roghnaithe.

5.3 Má bhíonn coimhlint leasa ann, cuirfidh ball é sin in iúl don Chathaoirleach agus, más gá, fágfaidh sé/sí an cruinniú fad a bheidh an ní sin á phlé, agus ní bheidh siad páirteach in aon chinntí i ndáil leis an ní atá i gceist. Beidh feidhm le socruithe den chineál céanna maidir le cáipéisí cruinnithe ábhartha sa mhéid nach gcuirfear na cáipéisí sin ar fáil don bhall den Choiste Roghnaithe má bhíonn sé curtha in iúl ag an té sin go bhféadfadh

FAOI RÚN

coimhlint leasa a bheith i gceist. Déanfar nóta de dhearbhuithe coimhlintí leasa i miontuairiscí chruinniú an Choiste Roghnaithe.

5.4 Coimeádfaidh Bainisteoir Thionscadal na hUachtaránachta Clár Coimhlintí Leasa fad a bheidh an próiseas earcaíochta agus ceapacháin ar siúl.

**6. Feidhmeanna agus freagrachtaí**

Is é is cuspóir don Choiste Roghnaithe:

- Gach iarratas a gheofar ar phost an Uachtaráin a mheas agus, ag féachaint do na critéir atá leagtha síos i Sonraíocht an Róil, na bearta cuí a dhéanamh chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí agus chun a chinneadh cé acu de na hiarrthóirí atá oiriúnach lena gceapadh i bpost an Uachtaráin, má tá aon duine díobh oiriúnach.
- I ndiaidh é sin a phlé go cuí, liosta fada a chur le chéile d'iarrthóirí a d'fhéadfaí a cheapadh. Cuirfidh an Ghníomhaireacht Cuardaigh Feidhmeannach agallamh ar na hiarrthóirí ar fad atá ar an liosta fada ansin agus tabharfaidh siad cuntas iomlán ar gach iarrthóir don Choiste Roghnaithe.
- I ndiaidh é sin a phlé go cuí, cuirfidh an Coiste Roghnaithe gearrliosta d'iarrthóirí a d'fhéadfaí a cheapadh le chéile a dtabharfar cuireadh dóibh chuig agallamh agus measúnú iomlán.
- I gcomhréir le forálacha an *Report of the Expert Group: HEA National Review of Gender Equality in Irish Higher Education Institutions* a foilsíodh in 2016 agus an *Gender Action Plan 2018-2020* a foilsíodh ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coiste Cuardaigh agus an Coiste Roghnaithe, thar ceann Údarás na hOllscoile, na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:
    - "In the appointment process for a new president, a requirement of appointment will be demonstrable experience of leadership in advancing gender equality
    - At the final selection step, in the appointment process for new presidents (or equivalent), in so far as possible, the final pool of candidates will comprise an equal number of women and men.
    - If it has not been possible to achieve gender balance at the final selection step, the interview panel must account to the Governing Authority or equivalent for why this was not possible."
    - "In planning for a new president, the governing authority will ensure that measures to promote gender equality within the search and selection process (as well as documenting the gender balance in the applicant pool, and at each stage of the selection process), are undertaken. The governing authority will provide a report to the HEA.
    - In the appointment process for all leadership positions (including Head of Department), a requirement of appointment will be demonstrable experience of leadership in advancing gender equality. This will be included as a specific criterion in role descriptions."
- A chinntiú go bhfuil na hiniúchtaí cuí déanta ar chúlra na n-iarrthóirí agus gur cuireadh san áireamh iad.
- Gach céim den phróiseas Agallaimh a reáchtáil, lena n-áirítear a chinntiú go reáchtáiltear aon chéimeanna measúnaithe breise.

FAOI RÚN

- A chur in iúl d'Údarás na hOllscoile cé hé/hí an t-iarrthóir a mheasann an Coiste is oiriúnaí le ceapadh i bpost an Uachtaráin, agus mionchuntas ar an mbunús atá leis an tuairim sin mar aon le CV an iarrthóra a chur ar fáil dóibh.
- Ag féachaint do na hoibleagáidí a bhaineann le cosaint sonraí, tuarascálacha scríofa a chur ar fáil d'Údarás na hOllscoile le linn an phróisis, lena n-áirítear tuarascáil deiridh ina ndéanfar achoimre ar na torthaí agus ar na moltaí.

**7. Gnó a Dhéanamh**

7.1 Tionólfar cruinnithe pleanála an Choiste Roghnaithe ar bhonn hibrideach chun go mbeidh an oiread de na baill agus is féidir in ann a bheith páirteach iontu. Beidh sé riachtanach go mbeadh gach ball i láthair i bpearsa ag gach céim den agallamh agus den mheasúnú. Á chur san áireamh go bhfuil ceangal ama trom i gceist, táthar ag súil go ndéanfaidh baill an Choiste Roghnaithe a ndícheall freastal ar na cruinnithe go léir chun a chinntiú go mbeidh gach ball páirteach i mbreithnithe an Choiste agus go mbeidh leanúnachas iomlán ag baint leis.

7.2 Chun go mbeadh córam ann do chruinniú den Choiste Roghnaithe is gá go mbeadh leath na mball i láthair, móide duine amháin (i.e. cúigear ball).

7.3 Déanfar gach ceist ag cruinniú den Choiste Roghnaithe a chinneadh le comhthoil, ach sa chás gurb é tuairim an chathaoirligh nó an duine eile a bheidh i gceannas é nach féidir teacht ar chomhthoil, cinnfear an cheist le tromlach vótaí na mball a bheidh i láthair, agus a chaithfidh vóta ar an gceist agus, má bhíonn na vótaí roinnte go cothrom, beidh an dara vóta nó vóta réitigh ag an gcathaoirleach nó ag an duine eile a bheidh i gceannas.

7.4 Beidh feidhm ag forálacha aon Bhuan-Orduithe a d'fhaomh Údarás na hOllscoile maidir le gnó an Choiste Roghnaithe a dhéanamh, lena n-áirítear na forálacha atá leagtha amach chun Tairiscintí agus Rúin a láimhseáil.

**8. Miontuairiscí**

Scaipfear cóipeanna de thuairiscí an Choiste Roghnaithe ar bhaill Údarás na hOllscoile lena meas.

**9. Tuairisciú**

Is d'Údarás na hOllscoile go díreach a thuairiscíonn an Coiste Roghnaithe. Cuirfidh an Coiste Roghnaithe moltaí faoi bhráid Údarás na hOllscoile arb é an t-údarás cinnteoireachta deiridh é.

**10. Moladh**

Sa chás go gcinnfidh an Coiste Roghnaithe go bhfuil iarrthóir amháin nó níos mó ná iarrthóir amháin oiriúnach, cuirfidh siad moladh maidir leis an iarrthóir a shíleann siadsan is oiriúnaí lena c(h)eapadh i bpost an Uachtaráin faoi bhráid Údarás na hOllscoile.

Déanfar nós imeachta éagsúil a fhorbairt sula gcuirfear tús leis an bpróiseas, agus cuirfear faoi bhráid an Údaráis Rialaithe é lena fhaomhadh.

FAOI RÚN

**11. Téarma Oifige**

Bunaíodh an Coiste Roghnaithe le sainchuspóir a chomhlíonadh mar a leagtar amach i gCuid 1 thuas. Nuair a chuirfidh an coiste a dtuairisc dheiridh faoi bhráid Údarás na hOllscoile, déanfar an coiste a scor, faoi réir na gceanglas rúndachta a mbeidh feidhm i gcónaí leo i gcomhréir leis an téarma atá leagtha amach sna Comhaontuithe Neamhnochta.

FAOI RÚN